Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8793/22**

**CYBER 154**
**COPEN 162**
**JAI 594**
**COPS 191**
**RELEX 589**
**JAIEX 45**
**TELECOM 190**
**POLMIL 101**
**CFSP/PESC 605**
**ENFOPOL 235**
**DATAPROTECT 132**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil |

1. An 29 Márta 2022[1], chuir an Coimisiún Eorpach i láthair dréachtmholadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n- údaraítear an chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

[1] COM (2022) 132 Final

2. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 73/187 an 17 Nollaig 2018 maidir le 'Cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil'[2]. Ina dhiaidh sin, an 27 Nollaig 2019, ghlac sí an dara rún, 74/247, ar an ábhar céanna, lenar bunaíodh coiste idir-rialtasach oscailte de shaineolaithe ('an Coiste *ad hoc*') agus é de chúram air coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta a fhorbairt chun cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil. An 26 Bealtaine 2021, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 75/282 ina leagtar amach rialacha mionsonraithe don chaibidlíocht[3]. Chinn sé, i measc nithe eile, go dtionólfadh an Coiste *ad hoc* sé sheisiún ar a laghad de 10 lá an ceann, ag tosú in Eanáir 2022, chomh maith le seisiún deiridh amháin, d'fhonn dréacht-Choinbhinsiún a chur isteach ag an ochtú seisiún is seachtó de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 2024.

3. An 22 Márta 2021[4], ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le straitéis chibearshlándála an Aontais sa deacáid dhigiteach. Sna conclúidí sin, agus go sonrach i mír 23 de, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir 'go dtacaíonn sí agus go gcuireann sí chun cinn Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gCibearchoireacht agus leis an obair leanúnach atá ar bun ar an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Thairis sin, leanann sí de mhalartuithe iltaobhacha maidir leis an gcibearchoireacht a dhéanamh, lena n-áirítear sna próisis a bhaineann le Comhairle na hEorpa, le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus leis an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, chun comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a áirithiú chun cur i gcoinne na cibearchoireachta, lena n-áirítear dea-chleachtais agus eolas teicniúil a mhalartú agus tacú le fothú acmhainneachta agus, ag an am céanna, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chur chun cinn agus a chosaint';

---

[2] Rún ón gComhthionól Ginearálta an 17 Nollaig 2018, A/RES/73/187.
[3] Rún ón gComhthionól Ginearálta an 26 Bealtaine 2021, A/RES/75/282*.
[4] 6722/21

4. An 21 Deireadh Fómhair 2021[5], d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) seasamh an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát don chéad seisiún den chaibidlíocht, a bhí ar siúl ón 28 Feabhra go dtí an 11 Márta i Nua-Eabhrac. Agus toradh an tseisiúin caibidlíochta á chur san áireamh, d'fhormhuinigh Coreper an 5 Aibreán 2022 an rannchuidiú i scríbhinn ón Aontas Eorpach agus ó na Ballstáit don phlé a rinne an Coiste *ad hoc*, a bhí sceidealaithe an 8 Aibreán 2022 le haghaidh an dara seisiún den chaibidlíocht i Vín ón 30 Bealtaine go dtí an 10 Meitheamh 2022.[6]

5. D'fhéadfadh an coinbhinsiún cuimsitheach nua idirnáisiúnta difear a dhéanamh do roinnt rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais nó a raon feidhme a athrú. Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus comhsheasmhacht a áirithiú idir rialacha an dlí idirnáisiúnta agus dhlí an Aontais, is gá don Choimisiún a bheith rannpháirteach, i dteannta na mBallstát, sa chaibidlíocht ar choinbhinsiún cuimsitheach nua idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, maidir leis na hábhair sin a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar atá sainmhínithe sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith.

6. Mar thoradh ar an gcruinniú a bhí ag grúpa na gComhairleoirí CGB an 11 Bealtaine 2022 maidir le fianaise leictreonach agus an comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn ina dhiaidh sin, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le téacs an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle le roinnt modhnuithe. Leagtar amach na téacsanna a d'eascair as an gcruinniú sin in 9058/22 + ADD 1.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh :

   – an dréacht-Chinneadh ón gComhairle a ghlacadh, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, mar a leagtar amach in 8796/22 é;

[5] 11925/2/21 REV 2.
[6] 7727/22

– an aguisín a ghabhann le 8796/22 a ghlacadh ina bhfuil na dréacht-treoracha caibidlíochta gaolmhara;

– a chinneadh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an chinnidh thuasluaite i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;

– a chinneadh téacs an Chinnidh ón gComhairle a glacadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa; agus

– a chinneadh go dtarchuirfear chuig Parlaimint na hEorpa, mar eisceacht, téacs na dtreoracha caibidlíochta a glacadh agus atá i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle.